

Gníomhaíocht Daltaí: $a^p \times a^q$ a Iniúchadh

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach, 'i gcumhacht', ar CD an dalta.

1.

- a. Scríobh $2 \times 2 \times 2 \times 2 \times 2$ san fhoirm 2^n .

- b. Scríobh $2 \times 2 \times 2 \times 2$ san fhoirm 2^m .

- c. Leis na freagraí a fuair tú as páirteanna a agus b, scríobh $2^n \times 2^m$ san fhoirm $2 \times 2 \times 2$ etc. Cé mhéad 2 atá agat anois?

- d. An dtugann tú cosúlacht ar bith faoi deara idir an líon 2anna i bpáirt c thuas agus an líon 2anna i bpáirteanna a agus b den cheist seo?

2.

- a. Scríobh $2 \times 2 \times 2 \times 2 \times 2 \times 2$ san fhoirm 2^a .

- b. Scríobh $2 \times 2 \times 2 \times 2 \times 2$ san fhoirm 2^b .

- c. Leis na freagraí a fuair tú as páirteanna a agus b, scríobh $2^a \times 2^b$ san fhoirm $2 \times 2 \times 2$ etc. Cé mhéad 2 atá ann anois?

- d. Leis na freagraí a fuair tú as páirteanna a agus b, an dtugann tú cosúlacht ar bith faoi deara idir an líon 2anna i bpáirt c den cheist seo agus an líon 2anna i bpáirteanna a agus b den cheist?

3.

- a. Scríobh $3^2 \times 3^3$ san fhoirm 3^n . Mínigh mar a bhfuair tú do fhreagra.

- b. Scríobh $4^2 \times 4^3$ san fhoirm 4^n . Mínigh mar a bhfuair tú do fhreagra.

- c. Scríobh $a^6 \times a^4$ san fhoirm a^m . Mínigh mar a bhfuair tú do fhreagra.

- d. Cé na cúinsí faoina n-oibreodh an riail thuas i gcás $a^6 \times b^4$?
-
- 4.
- a. Dá n-oibreodh an riail $a^p \times b^q$, céard a chiallódh sé i gcás a agus b?
-
- b. An oibríonn an riail thuas i gcás $2^p \times 3^q$? Mínigh do fhreagra.
-
- 5.
- a. Má tá $3^p \times 3^4 = 3^7$, faigh p.
-
- b. Má tá $a^6 \times a^4 = 2^{10}$, faigh a.
-
- 6.
- a. Cé na luachanna de b a shásaíonn: $b^6 \times b^4 = b^{10}$?
-
- b. Cén luach de q a shásaíonn: $a^6 \times a^q = a^{10}$, $q \in \mathbb{Z}$?
-
7. Agus tú ag iniúchadh 2^6 , cé acu 2 nó 6 an séan?
-
8. Cén fáth a mbeadh: $a^p + a^4 \neq a^7$ de ghnáth?
-
9. Cén fáth a mbíonn $5^0 \times a^p$ cothrom le a^p i gcónaí?
-
10. Scríobh $\sqrt{2}$ san fhoirm 2^n .
-
11. Má tá $m = 2^{\frac{1}{2}}$, céard é m^2 ?
-
12. Má tá $(1+x)^4 = 16$, ríomh luach x.
-
13. Má tá $(1+x)^4 = 81$, ríomh luach x.
-